

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2025
(OR. en)**

8569/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0158 (CNS)**

**FISC 108
UD 101
ECOFIN 499
MI 277
COMER 72**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	8 Bealtaine 2025
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhu agus a íoc - Cur chuige ginearálta

I. CÚLRA

1. An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle an pacáiste CBL sa Ré Dhigiteach¹. Bhí trí cholún sna tograí ón gCoimisiún sa phacáiste²: ceanglais maidir le tuairisciú digiteach, an geilleagar ardán agus clárúchán aonair CBL. Ceann de na gnéithe a áiríodh sa cholún maidir le clárúchán aonair CBL ab ea togra chun an t-ionad ilfhreastail allmhairiúcháin (IOSS) atá ann cheana – scéim speisialta a tugadh isteach sa Treoir maidir le CBL chun comhlíonadh na n-oibleagáidí CBL le haghaidh earraí allmhairithe a shimpliú – a dhéanamh éigeantach.

¹ 6304/25.

² 15841/22, 15842/22 agus 15843/22.

2. Mar sin féin, le linn na caibidlíochta maidir leis an bpacáiste, is beag tacaíocht a bhí ann d'úsáid éigeantach IOSS. Dá bhrí sin, forbraíodh réiteach malartach faoi Uachtaránacht na Spáinne agus faoi Uachtaránacht na Beilge chun úsáid IOSS a dhreasú, go háirithe tríd an soláthróir a chur faoi dhliteanas i leith CBL maidir le hallmhairiú sna Ballstáit is ceann scríbe deiridh na n-earraí, rud a thugann le tuiscint go mbeadh ar sholáthróirí (nó ar sholáthróir 'measta' ar nós ardán) clárú ar leithligh i ngach Ballstát ina ndéanann siad gnó mura n-úsáideann siad IOSS. Ós rud é go raibh gá le tuilleadh anailíse, cuireadh na forálacha um dhreasú atá beartaithe leis an togra maidir le CBL¹ a áirítear sa phacáiste um athchóiriú custaim faoi Uachtaránacht na Beilge agus Uachtaránacht na hUngáire.
3. Agus í ag teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir leasaitheach maidir le CBL sa ré dhigiteach i mí na Samhna 2024, ghlac an Chomhairle ráiteas atá le cur san áireamh i miontuairiscí na Comhairle², ina luaitear an méid seo a leanas: *'leanfaidh an Chomhairle den obair ar ghnéithe eile den togra a mhéid a bhaineann leis na dreasachtaí chun úsáid a bhaint as an ionad ilfhreastail allmhairiúcháin faoi chuimsiú na caibidlíochta maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhu agus a íoc (comhad idirinstiúideach 2023/0158 (CNS)) d'fhonn teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir'.*

¹ Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhu agus a íoc, 9638/23.

² 14964/24 ADD 1.

4. Ceann de na cuspóirí atá ag an athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais ná deireadh a chur leis an díolúine chustaim le haghaidh earraí ar fiú suas le tairseach EUR 150 iad agus córas nua taraife a thabhairt isteach le haghaidh coinsíneachtaí ar luach íseal ina bhfuil ceithre bhuicéad. Faoi láthair, is ann don tairseach EUR 150 sin freisin chun an fhoráil i dtaca le soláthróir measta sa Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm, agus chun an t-ionad ilfhreastail allmhairiúcháin CBL (IOSS) a úsáid: tá a gcur i bhfeidhm teoranta do chiandíolacháin earraí a allmhairíodh nach mó ná EUR 150 a luach. Is é is aidhm don togra maidir le CBL sa phacáiste um athchóiriú custaim an tairseach sin a bhaint freisin chun críocha IOSS agus chun an fhoráil maidir le soláthróir measta a chur i bhfeidhm, chun na rialacha custaim agus CBL maidir le ríomhthráchtáil a ailíniú.
5. Sa dara cuid de 2024, lean Uachtaránacht na hUngáire den phlé ar an réiteach malartach agus rinne sí na forálacha a bheachtú a thuilleadh chun úsáid IOSS a dhreasú, trí bhearta a chur san áireamh freisin chun íocaíocht CBL ar allmhairiú a dhaingniú a thuilleadh agus trí bheart cúltaca a chur san áireamh lena gcuirfí ar chumas na mBallstát i gcásanna eisceachtúla cead a thabhairt don chustaiméir CBL ar allmhairí a íoc mura gcomhlíonann an soláthróir a oibleagáidí CBL. Chuir Uachtaránacht na hUngáire tús freisin leis an bplé maidir le tairseach EUR 150 do IOSS a bhaint agus moladh an sainmhíniú ar ‘ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha’ a leathnú chuig soláthairtí ó stórais chustaim.

6. Rinneadh dul chun cinn maidir le gnéithe éagsúla uile an togra, agus ag deireadh 2024, chomhaontaigh na toscaireachtaí socrúithe ‘*maidir le IOSS a dhreasú mar bhealach chun cinn. Thairis sin, cé go n-aithnítear go bhfuil gá le hobair bhreise, comhaontaíodh gur mheas na toscaireachtaí uile gur bonn láidir iad na forálacha lena mbaineann, lena n-áirítear an riail chúltaca, chun tuilleadh oibre a dhéanamh ar na forálacha custaim gaolmhara.*’

II. STAID NA hIMEARTHA

7. Cé go bhfuil dlúthbhaint ag an athchóiriú custaim le baint na tairsí EUR 150 agus leis an síneadh atá á chur le stórais chustaim, agus cé gur gá iad a phlé i bhfianaise na roghanna beartais a rinneadh sa chaibidlíocht maidir leis an bpacáiste reachtach sin, níl aon bhaint mar sin idir an t-athchóiriú custaim agus na bearta chun IOSS a dhreasú. Go bunúsach, ní chuirtear an cur chuige malartach in ionad na bhforálacha ó phacáiste CBL sa ré dhigiteach a d’fhágfadh go mbeadh IOSS éigeantach. Trí íocaíocht CBL roimh ré a spreagadh a thuilleadh in ionad é a íoc ag an teorainn, d’fhágfadh na bearta chun IOSS a dhreasú go mbeadh sé níos simplí CBL a bhailiú agus is dócha go ndéanfaidís an t-ualach ar údarais chustaim a laghdú a thuilleadh. Ina theannta sin, toisc go ndíspreagfar go mór neamhchomhlíonadh leis na bearta, bhí Uachtaránacht na Polainne den tuairim go bhfuil gá leis na bearta sin agus go bhfuil siad inmhianaithe ar fhorais CBL amháin. Thairis sin, sholáthródh glacadh na mbeart sin soiléireacht maidir leis an gcreat CBL is infheidhme sa chaibidlíocht maidir leis an athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais.
8. Chuige sin, d’ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht ina bhfuil na forálacha ba cheart a ghlacadh ar leithligh, agus ráiteas ag gabháil leis atá le cur le miontuairiscí na Comhairle go leanfadh an Chomhairle de bheith ag obair ar na gnéithe eile den dréacht-Treoir. Thacaigh an Coimisiún leis an gcur chuige sin freisin.

9. Ag an gcrúinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal), thacaigh beagnach gach toscaireacht le téacs comhréitigh athbhreithnithe nach bhfuil ann ach forálacha chun IOSS a dhreasú, ina léirítear leasuithe, moltaí agus barúlacha a chuir na Ballstáit ar fáil. Bhí forchoimeádais fós ag roinnt toscaireachtaí.
10. Chun freastal ar ábhair inní na dtoscaireachtaí sin, chuir an Uachtaránacht aithris isteach arís agus chomhlánaigh sí aithris maidir leis na hionadaithe cánach agus idirghabhálaithe, thug sí chun cinn an t-athbhreithniú ar na forálacha um dhreasú, agus chuir sí dhá mhír leis an ráiteas ón gComhairle maidir leis an idirghníomhaíocht idir CBL agus nósanna imeachta custaim. Tá an Uachtaránacht den tuairim go bhfuil na téacsanna cothrom feasta agus gur cheart go mbeadh glacadh ag na toscaireachtaí uile leo.

III. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

11. I bhfianaise an chúlra sin, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir, bunaithe ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht in 8570/25 agus
 - b) teacht ar chomhaontú maidir leis an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
12. Tá difríocht shuntasach idir an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus na tograí ón gCoimisiún a luaitear thuas. Má thagann an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-Treoir leasaitheach ar an mbonn sin, beidh uirthi a chinneadh, dá bhrí sin, trí nós imeachta simplithe i scríbhinn a sheolfar tar éis chruinniú na Comhairle, dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an téacs.